Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

# Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh

PLEAN STRAITÉISEACH 2026–30



Ollscoil
*na*Gaillimhe.ie

# I bhfách *le cách.*

## CLÁR


| | |
|---|---|
| Réamhrá | 03 |
| Buneolas Fúinn | 04 |
| Fís, Misean, Luachanna | 07 |
| Tionchar Taighde Shainiúil | 12 |
| Oideachas don Todhchaí agus Céimithe na Gaillimhe | 16 |
| Eagraíocht Éifeachtach agus Inbhuanaithe atá ina hAcmhainn don Phobal | 20 |
| Bunchlocha | 21 |
| Cén chaoi a bhfuil ag éirí linn? | 22 |
| Cur i bhFeidhm agus Rialachas na Straitéise | 22 |


Ag smaoineamh, ag gníomhú agus ag feidhmiú ar mhaithe le *gach duine.*





## RÉAMHRÁ

Fáilte chuig Straitéis Choláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh 2026–2030. Sa phlean straitéiseach seo táthar ag tógáil ar an uaillmhian, na láidreachtaí agus an fhís a bhí sa tseanstraitéis agus leagtar amach ann chomh maith na tosaíochtaí a bheidh againn as seo go ceann ceithre bliana.

Tá go leor bainte amach againn ó 2021. Táimid tar éis cur le líon na réimsí ábhair ardrangaithe, sheolamar institiúid taighde nua, chuireamar leis an éagsúlacht i measc na mac léinn, rinneamar ár dtiomantas don chomhionannas, don éagsúlacht agus don chuimsiú a neartú le trí ghradam Athena Swan, tá ár n-ioncam taighde méadaithe againn, agus tá líon na mac léinn a chuaigh ar aghaidh chuig an gcéad bhliain eile dá gcúrsa níos airde ná mar a bhíodh. Léiríonn na héachtaí seo dúthracht agus tallann phobal na hollscoile seo, agus is ábhar mór bróid iad.

Ag an am céanna, tá an domhan mórthimpeall orainn ag athrú go tapa. Caithfear smaoineamh agus freagairt go cúramach don mhíshocracht sa pholaitíocht dhomhanda, tionchar na hintleachta saorga ar an bhfoghlaim agus ar an taighde, agus na dúshláin gan teorainn atá le sárú ag na mic léinn. Ach thar aon am eile is i dtréimhsí mar seo is fearr a thuigtear an tábhacht atá leis na Dána. A bhuíochas leis an saineolas, an chruthaitheacht agus an léargas criticiúil atá ag pobal taighdeoirí, oideachasóirí agus mac léinn na hollscoile, is féidir linn aghaidh a thabhairt ar ár mbealach féin ar na dúshláin chasta atá le sárú faoi láthair agus a bheidh le sárú amach anseo.

Ó tharla go dtagann ranna na Gaeilge faoi scáth an choláiste, tá an fhreagracht orainn an Ghaeilge agus an saibhreas cultúir a bhaineann léi a chothú agus a chur chun cinn. Tá an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach lárnach inár gcuid teagaisc, taighde agus rannpháirtíochta poiblí. Cothaíonn siad nasc idir pobal an choláiste agus oidhreacht chultúir ar leith agus ag an am céanna tá díospóireacht nua á gineadh acu faoi fhéiniúlacht, cruthaitheacht agus muintearas ar bhonn domhanda.

Tá ár straitéis bunaithe ar thrí ghné lárnacha, atá ag luí le straitéis na hOllscoile. Trí bheith ag díriú ar thaighde agus ar réimsí taighde aitheanta atá tugtha cothrom le dáta, neartóimid an tionchar atá againn sa taobh seo tíre, ar bhonn náisiúnta agus ar fud an domhain. Tiocfaidh forbairt ar an soláthar oideachais atá againn chun freastal ar riachtanais shíorathraitheacha na mac léinn agus na sochaí. Déanfaimid na daoine atá ag obair linn a chumasú mar eagraíocht éifeachtach, inbhuanaithe a chuireann ar chumas phobal an choláiste an obair is fearr is féidir leo a dhéanamh.

Tá gealltanais thábhachtacha ina gcuid lárnach den straitéis seo: dearcadh domhanda, béim níos tréine ar chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, agus oibriú go dúthrachtach le go mbeidh gach a ndéanaimid dírithe ar an taithí a bheidh á fáil ag na mic léinn fad a bheidh siad sa choláiste. Trí dhíriú ar ár mbunchlocha déanfaimid na huaillmhianta seo a fhíorú agus cinnteoimid go mbeimid breá ábalta ár gcuid spriocanna a bhaint amach.

Bhí lámh ag go leor comhghleacaithe sa choláiste sa straitéis seo. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a bhfuil lorg a láimhe uirthi, agus le gach duine a thabharfaidh chun beochta í sna blianta amach romhainn. Táim ag tnúth le bheith ag obair le comhghleacaithe, mic léinn agus comhpháirtithe i gColáiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh agus muid ag tógáil ar an méid atá bainte amach againn, ag freagairt do dhúshláin nua, agus ag obair i gcomhar le chéile le hobair fhiúntach a chur i gcrích.

**An tOllamh Rebecca Braun,**
Déan Feidhmiúcháin, Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh, Ollscoil na Gaillimhe

Tá ár straitéis bunaithe ar thrí ghné lárnacha, atá ag luí le straitéis na hOllscoile. Trí bheith ag díriú ar thaighde agus ar réimsí taighde aitheanta atá tugtha cothrom le dáta, neartóimid an tionchar atá againn sa taobh seo tíre, go náisiúnta agus ar fud an domhain.

## BUNEOLAS FÚINN

### STRUCHTÚR

8
Scoil

2
Institiúid Taighde
Agus Institiúid Taighde chleamhnaithe amháin

359
FTE Foireann Acadúil/Taighde

3
Ghradam Athena Swan

90
FTE Foireann Tacaíochta Gairmiúla

### MIC LÉINN

3,932
FTE Mic Léinn Fochéime

1,029
FTE Mic Léinn Iarchéime Múinte

299
FTE Mic Léinn Iarchéime Taighde

96%
An Ráta Infhostaitheachta Gairme
Fochéimithe agus Iarchéimithe

### TAIGHDE

€32.3m
Ioncam Taighde Thar 4 Bliana

27%
den Ábhar a Foilsíodh sa 10% is Fearr de na hIrisleabhair

### INBHUANAITHEACHT

6
Scoil a bhfuil Modúil Inbhuanaitheachta acu

85
Modúl ina bhfuil Prionsabail Inbhuanaitheachta

### DOMHANDA

470
Comhoibriú Idirnáisiúnta (2021–2024)

1,251
Mac Léinn Idirnáisiúnta

250
Mac Léinn ag Staidéar Thar Lear

### CLÚ AGUS CÁIL

Ionad Feabhais maidir leis an nGaeilge agus an Cultúr Gaelach

6
Rangaithe i 6 cinn de na 10 Réimse Ábhair Ollscoile QS is Fearr in 2026



## FÍS, MISEAN, LUACHANNA

## ACHOIMRE FHEIDHMEACH

Is **pobal cruthaitheach** muid atá **fiosrach** agus a bhíonn ag comhoibriú le chéile agus táimid **tiomanta d'athruithe atá riachtanach a dhéanamh**.

Cuireann an saineolas ar leith atá againn ar ár gcumas oideachas eisceachtúil a chur ar mhic léinn, agus eispéiris a chuirfidh cor ina saol a chur ar fáil. Tá an diantaighde, cuir chuige anailíseacha agus an meon oscailte againn a theastaíonn chun réitigh a iniúchadh, a aimsiú agus a shamhlú áit nach bhfeiceann daoine eile ach fadhbanna.

Tá an obair atá ar siúl againn ó thaobh oideachais, taighde agus éifeachtúlacht oibríochtúil de bunaithe go huile agus go hiomlán ar an gcuimsiú. Táimid ar thús cadhnaíochta maidir le díchoilíniú a dhéanamh ar ár gcuraclam agus timpeallachtaí taighde cuimsitheacha a chruthú.

Is áit é an coláiste seo a mbíonn an chruthaitheacht agus an nuálaíocht ag cuidiú linn ***a bheith ag smaoineamh, ag gníomhú agus ag feidhmiú ar mhaithe le gach duine. I bhfách le cách***.

## ÁR bhFÍS

A chur ar chumas ár bpobail féin tionchar a bheith aige ar an domhan trí chéile trí thaighde sainiúil, oideachas eisceachtúil agus eispéiris spreagúla do mhic léinn.

## ÁR MISEAN

Coláiste diantaighde, áit a gcuirtear síol talainne in ithir thorthúil agus a ngintear eolas don domhan ar fad.



## ÁR LUACHANNA

### Barr Feabhais

Cuirimid romhainn barr feabhais a bhaint amach ó thaobh an teagaisc, an taighde, agus na nuálaíochta de, agus a chur ar chumas ár bpobail a gcuid scileanna agus a gcuid eolais a úsáid chun barr a gcumais a bhaint amach agus chun an tsochaí, an cultúr agus an geilleagar a athrú chun feabhais.

### Inbhuanaitheacht

Tá sé mar aidhm againn an t-aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe a threorú trí inbhuanaitheacht a leabú ó thaobh teagaisc, taighde, oibríochtaí agus comhpháirtíochtaí de, agus an chéad ghlúin eile de cheannairí agus de nuálaithe a chothú a rachaidh i ngleic le dúshláin dhomhanda.

### Meas

Geallaimid go gcinnteofar go mbeidh cultúr measa, comhionannais, muiníne agus comhbhá i réim, agus go dtacófar le folláine na mac léinn agus na foirne agus go dtabharfar cothrom na Féinne dóibh.

### Muintearas

Déanaimid ár ndícheall timpeallacht a chruthú ina mothaíonn mic léinn, an fhoireann agus alumni go bhfuil fáilte rompu, go bhfuil tacaíocht acu, go bhfuil ceangal acu linn agus go bhfuil meas orthu agus gur cuid lárnach iad de phobal foghlama a chothaíonn rannpháirtíocht acadúil, forbairt ghairmiúil agus phearsanta, sláinte agus folláine.

### Oscailteacht

Táimid tiomanta d'oscailteacht, éagsúlacht agus cuimsiú a chothú, agus teagmháil a bheith againn ag an am céanna le pobail áitiúla agus dhomhanda chun go ndéanfar athrú chun feabhais agus chun a chinntiú go mbeidh teacht ar oideachas agus ar thaighde.




## TIONCHAR TAIGHDE SHAINIÚIL

Sa choláiste seo déantar taighde atá ábhartha ar bhonn áitiúil agus ar bhonn domhanda araon. Is léiriú iad ár gcuid Sainréimsí Taighde (SRAnna) ar a leithne agus a dhoimhne atá an obair sin: cúig réimse comhoibrithe taighde a bhfuil dlúthcheangal eatarthu, agus téama lárnach amháin, a thugann léiriú le chéile ar an obair is sainiúla agus is inbhuanaithe atá ar bun ag an gcoláiste chun cur lenár gcuid eolais agus an chaoi a gcuirtear i bhfeidhm í ar fud an domhain.

Tá gach SRA bunaithe ar an rud a dtugtar 'saineolas nascach' air: taighde sainiúil a dhéantar ar scála mór i ranna uile an choláiste a mbíonn níos mó ná aon láthair dhisciplíneach aonair i gceist leis trí na comhpháirtíochtaí intleachtúla, na comhthionscadail fheidhmeacha, agus an rannpháirtíocht phobail a spreag sé. Is fíorléiriú iad na SRAnna, dá bhrí sin, ar an gcaoi a mbíonn ár gcuid taighdeoirí ag smaoineamh agus ag obair le chéile. Faoi scáth an téama ilearnála Sonraí, an Intleacht Shaorga & an tSochaí leagtar béim ar dhearcthaí bunriachtanacha scoláirí sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí sóisialta ar na réimsí sin.

Áirítear taighde feidhmeach agus taighde iniúchta araon sna SRAnna atá againn. Is mór againn raon iomlán na gníomhaíochta sa choláiste seo – idir iniúchadh faoi stiúir duine aonair nach féidir a bheith cinnte cén toradh a bheidh air ach a d'fhéadfadh an réimse a athrú ó bhonn, agus taighde a dhéantar i gcomhpháirt dhíreach le pobail, lucht déanta polasaithe agus cleachtóirí.

Aithnímid go bhféadfadh an tionchar sin dul i bhfeidhm ar réimsí éagsúla: an cultúr, an t-oideachas, an comhshaol, an tsochaí, an pholaitíocht agus an geilleagar. Cuirimid romhainn i gcónaí a chinntiú go ndáiltear deiseanna agus buntáistí an taighde go cothrom ag na céimeanna gairme ar fad agus sna pobail taighde ar fad laistigh den choláiste. Agus táimid tiomanta do thimpeallacht taighde chuimsitheach a chothú a chinnteoidh go gcuirfear an comhionannas san áireamh nuair a bheidh an taighde sainiúil atá ar bun againn á chur i gcrích.



## Gníomhartha

Cuirfidh an coláiste gach cineál taighde chun cinn – ó fhiosrúcháin bhunúsacha, faoi stiúir príomhthaighdeoirí go taighde a mbíonn baint dhíreach aige le pobail agus a mhúnlaíonn polasaithe – agus ag an am céanna oibreoidh sé chun a chinntiú go mbeidh rochtain chothrom agus chuimsitheach ag daoine ar dheiseanna taighde agus na buntáistí a bhaineann leo.

- An úsáid is fearr a bhaint as ár n-acmhainní chun cabhrú le líonraí agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta a fhorbairt agus a choinneáil.
- Oibriú lenár Scoileanna, le hInstitiúid na Cruthaitheachta agus ILAS chun tacú le comhghleacaithe ag gach céim den phróiseas taighde – ó smaointe nua a chur chun cinn agus leas a bhaint as deiseanna maoinithe go dtí conairí nua a chur chun cinn chun tionchar a imirt.
- Leanúint ar aghaidh le héiceachóras taighde inbhuanaithe, spriocdhírithe a fhorbairt a thacaíonn le straitéisí foilsitheoireachta atá curtha in oiriúint do na disciplíní agus a thugann tús áite do chaighdeán na bhfoilseachán seachas a líon.
- Éiceachóras láidir taighde a chothú a thacaíonn le taighdeoirí ag gach céim dá ngairm bheatha – ó earcaíocht agus forbairt struchtúrtha taighdeoirí iarchéime agus iardhochtúireachta go dtí dul chun cinn ag céim luath, láir agus dhéanach dá ngairm bheatha.
- Cur chuige atá sainiúil do CASSCS i leith nuálaíochta a fhorbairt a léiríonn tréith ár dtaighde, agus an bhéim chuí ar nuálaíocht shóisialta, agus infreastruchtúr tacaíochta a fhorbairt do thaighdeoirí agus do mhic léinn dochtúireachta.
- Feabhas a chur ar choinníollacha oibre, ar chomhionannas agus ar chuimsiú do thaighdeoirí trí Chairt agus Cód Sármhaitheasa Acmhainní Daonna sa Taighde a chur i bhfeidhm.
- Ár dtaighde a leathnú, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, trína scaipeadh go straitéiseach ar na hardáin chuí.



## OIDEACHAS DON TODHCHAÍ AGUS CÉIMITHE NA GAILLIMHE

Is féidir leis an oideachas a chuirimid ar fáil dár mic léinn a saol a athrú i ndáiríre, rud a mhúnlaíonn a dtodhchaí agus an domhan ina maireann siad. Táimid dírithe ar an leas is fearr a bhaint as an tionchar sin trína chinntiú go bhfreagraíonn ár gcláir do riachtanais athraitheacha na mac léinn agus an phobail, go bhforbraítear iad i gcomhar le daoine eile, agus go seachadtar iad ar bhealach atá nuálach, tarraingteach agus inoiriúnaithe.

Táimid tiomanta do chomhionannas a chomhtháthú san oideachas eisceachtúil a chuirtear ar na mic léinn agus ar an taithí chlaochlaitheach a fhaigheann siad. Cuirfidh an coláiste oideachas cuimsitheach, dírithe ar an mac léinn ar fáil a bhainfidh na bacainní atá ar rannpháirtíocht agus ar dhul chun cinn, agus a ullmhóidh céimithe do chomhthéacsanna éagsúla, domhanda agus sibhialta.

Tacóimid le rath na mac léinn ar feadh ré iomlán a gcuid oideachais, mar aithnímid go dtosaíonn a n-aistear ag an nóiméad a ndéanann siad iarratas agus go leanann sé ar aghaidh go dtí go mbíonn an chéim bainte amach agus ina dhiaidh sin. Is éard atá i gceist againn le tacaíocht ná tacaíocht a chuirtear ar fáil ar fud an chórais, ag comhtháthú forbairt phearsanta agus ghairmiúil, treoir acadúil, agus shláinte agus fholláine na mac léinn i seirbhís chomhordaithe, chuimsitheach do mhic léinn.

Leanfaimid orainn ag cinntiú go mbeidh inniúlachtaí inbhuanaitheachta fite fuaite trasna na gclár, ag cinntiú go bhfuil an curaclam tairbheach, cuimsitheach, comhtháite, agus go bhforbraíonn mic léinn na scileanna, an t-eolas, na luachanna agus an scil a chuirfidh ar a gcumas aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda idirnasctha. Nascann an saothar seo taighde scolártha agus cleachtais teagaisc chun foghlaim atá dírithe ar an mac léinn, atá bunaithe ar thaithí agus atá claochlaitheach a chur ar fáil ar fud an choláiste.

## CLAOCHLÚ CURACLAIM

Ag obair as lámha a chéile, déanfaidh an coláiste claochlú ar an gcuraclam fochéime atá ar fáil faoi láthair. Tá an obair cheannródaíoch seo á tiomáint ag fís chomhroinnte maidir le luach chéimithe na ndán ar fud an domhain, agus an fhreagracht lárnach atá ar an ollscoil maidir le mic léinn a ullmhú dá n-áit ar domhan mar dhaoine cruthaitheacha, fiosracha agus atá rannpháirteach sa saol. Mar gheall ar an taithí atá againn, an líonra cleachtóirí agus an tuiscint atá againn ar an riachtanas tallann a bheidh ag teastáil sa tionscal amach anseo, cinntíonn sé sin go mbainfidh na mic léinn ar fad leas as an gclár uaillmhianach seo.



## Gníomhartha

Tá an coláiste tiomanta d'oideachas atá idir **thairbheach**, **chuimsitheach** agus **chomhtháite** agus é ag féachaint le barr feabhais teagaisc agus foghlama a sheachadadh.

### Claochlú a bhfuil Tionchar aige

- An curaclam a athrú ó bhonn, agus clár claochlaithe uaillmhianach a sheachadadh, atá bunaithe ar chinnteoireacht atá fréamhaithe i bhfianaise, lena n-áireofar comhoibriú le mic léinn, le comhghleacaithe, le fostóirí amach anseo agus le daoine eile chun riachtanais bheachta ár bpáirtithe leasmhara a aithint.
- Tacú le forbairt leanúnach a dhéanamh ar bhealaí níos éagsúla chun measúnú a dhéanamh ar mhic léinn, ag cinntiú go bhfuil measúnuithe cothrom agus iontaofa.
- Forbairt phearsanta agus ghairmiúil a leabú i gcúrsaí nua tríd an 'Curaclam don Saol' nua atá againn, ag tacú le mic léinn na scileanna agus an teacht aniar a theastaíonn uathu a fhorbairt chun go n-éireoidh leo ar feadh a saoil.
- Córas struchtúrtha agus tacúil a fhorbairt ar fud an choláiste ar fad a chuidíonn le mic léinn chumasacha bogadh go réidh ón staidéar fochéime go hoideachas iarchéime, le bearta gníomhacha chun an tallann sin a choinneáil agus a fhorbairt.
- Ár gcéimithe a chur ar an eolas faoi theacht aniar, ceannaireacht, tionchar sóisialta (saoránacht), fiosracht, maoirseacht chomhshaoil agus inoiriúnaitheacht do shaol atá ag athrú go sciobtha. Cuirfimid mic léinn atá réidh don intleacht shaorga/atá criticiúil ó thaobh litearthachta digití de ar fáil.
- Bearta a chur chun cinn a bhaineann céimithe den chaighdeán is airde amach, agus rannpháirtíocht agus gnóthachtáil na mac léinn uile a chothú ar feadh a n-aistear foghlama.
- Torthaí foghlama cláir a bhunú a fhágann go bhfuil Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe (ESD) infheicthe agus leabaithe tuilleadh laistigh den churaclam. Leis an gcur chuige seo tugtar inniúlachtaí inbhuanaitheachta le chéile sna cláir fochéime agus iarchéime ag baint úsáid as próisis deartha curaclaim.



### Claochlú Cuimsitheach

- Timpeallachtaí agus tacaíochtaí foghlama cuimsitheacha a leabú, agus fáil réidh leis na bacainní ar rannpháirtíocht.
- Tacú le rannpháirtíocht agus gnóthachtáil rochtana san ardoideachas do dhaoine ó ghrúpaí socheacnamaíocha agus ó ghrúpaí stádais mionlaigh faoi ghannionadaíocht trí chosáin rannpháirtíochta a leathnú.
- Pobal mac léinn éagsúil a mhealladh trí theagmháil spriocdhírithe agus earcaíocht níos láidre i bpríomh-mhargaí.
- Prionsabail an dícholilínithe a leabú trasna an churaclaim.
- Inniúlachtaí domhanda a chur ar fáil do mhic léinn, lena n-áirítear faisnéis chultúrtha, saoránacht dhomhanda eiticiúil, agus ullmhacht d'fhostaitheacht dhomhanda.
- Deiseanna foghlama idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a sholáthar, lena n-áirítear soghluaisteacht fhisiciúil agus fhíorúil.
- Leanúint ar aghaidh ag forbairt agus ag cur noirm chleachtais chun cinn sa churaclam, go n-aireoidh na mic léinn dáimh lena gcláir lasmuigh de dhisciplíní aonair.

### Claochlú Comhtháite

- Comhoibriú le tacaíochtaí ar leibhéal na hollscoile amhail an tSeirbhís Tacaíochta Míchumais, an tIonad Scríbhneoireachta Acadúla, Seirbhísí do Mhic Léinn agus eile, lena chinntiú go bhfaigheann mic léinn an tacaíocht a theastaíonn uathu chun go n-éireoidh leo ina gcuid staidéir agus chun na scileanna a theastaíonn uathu dá dtodhchaí a bhaint amach.
- Eolas agus scileanna a fhorbairt go leanúnach ó chláir fochéime go cláir iarchéime.
- Tar éis na céime, leanfaidh ár líonraí alumni ag tacú le rath ár mac léinn reatha agus na mac léinn amach anseo.

Trí chlaochlú a bhfuil tionchar aige agus atá cuimsitheach agus comhtháite, comhlíonfaimid ár bhfreagracht na mic léinn a ullmhú ionas go mbeidh an muinín, an t-eolas agus na scileanna oiriúnaitheacha acu a theastaíonn ina ngairmeacha beatha amach anseo.

## EAGRAÍOCHT ÉIFEACHTACH AGUS INBHUANAITHE ATÁ INA hACMHAINN DON PHOBAL

Beidh rath ar ár gcoláiste trí chleachtais a leabú a chothaíonn tallann, ceannaireacht agus éagsúlacht, agus tacaítear leo ar bhealach inbhuanaithe trí infreastruchtúr a bhaineann an leas is fearr as úsáid acmhainní i dtaighde agus in oideachas.

### Gníomhartha

- Láidreachtaí an choláiste a chur in iúl ar scála domhanda agus comhpháirtíochtaí domhanda agus náisiúnta a úsáid chun ár n-uaillmhianta taighde agus oideachais a chur chun cinn. Forbrófar straitéis chomhpháirtíochta a chomhlíonfaidh ár misean.
- Ceannaireacht fhreagrach a fhorbairt san eagraíocht trí chéile agus tacú léi.
- Próisis an choláiste a athbhreithniú agus a eagrú chun a chinntiú go mbeidh an t-infreastruchtúr ann chun sármhaitheas a bhaint amach.
- Cuimsiú trí Dhearadh a leabú i straitéisí, polasaithe, pleananna agus cleachtais agus inrochtaineacht a chur i bhfeidhm in infreastruchtúr fisiciúil, in ardáin dhigiteacha agus i seirbhísí.
- Cuspóirí EDI agus meicníochtaí cuntasachta láidre a leabú i gcreatlacha agus i bpróisis daoine atá ann cheana féin mar shampla Feidhmíocht Fhorásach agus pleanáil ualaigh oibre.
- Straitéis spáis a chur le chéile dár nEastáit a bhaineann an leas is fearr as an infreastruchtúr foghlama agus taighde agus a oibríonn i gcomhar lenár spriocanna daonchairdiúla.
- Leanúint ar aghaidh le hinbhuanaitheacht airgeadais a leabú i ngach cinnteoireacht amach anseo, línte soiléire freagrachta agus cuntasachta mar thaca leis, agus gaol láidir idir buiséid agus tosaíochtaí straitéiseacha.



### BUNCHLOCHA

- Ár dtimpeallacht **thacúil a bhaint amach** trí bhacainní ar rannpháirtíocht a bhaint, timpeallachtaí fáilteacha a chruthú ina nglactar le féiniúlachtaí éagsúla agus ina gceiliúrtar iad, inrochtaineacht trí dhearadh a chinntiú, agus cultúr a chothú ina mbraitheann gach duine sábháilte, go bhfuil luach orthu, go bhfuil cumhacht acu agus go n-éireoidh leo.
- Rath na mac léinn a fheabhsú, **sonraí agus aiseolas** a úsáid chun idirghabhálacha oideachais agus deiseanna a mhúnlú chun tacú le mic léinn agus iad ar a n-aistear linn agus ag dul amach sa saol mór.
- **Líonraí alumni a chothú**, áit a dtugann taithí saoil an t-aitheantas don fhoghlaim mar ghníomhaíocht ar feadh an tsaoil, rud a éascaíonn cur síos soiléir ar chosáin ghairme agus feasacht ar dheiseanna.
- **Leas a bhaint as an bPolasaí Náisiúnta Daonchairdis** chun acmhainn an choláiste maidir le bronnadh claochlaitheach a leathnú chun timpeallacht thacúil fhadtéarmach a chinntiú ina n-éireoidh lenár dtairiscintí clár agus lenár gcumas taighde.
- **Pobal Cleachtais** a bhunú chun dearthóirí curaclaim, comhaltaí foirne acadúla agus comhaltaí foirne seirbhísí gairmiúla (riarthóirí acadúla, Ionad Forbartha Gairmeacha, Leabharlann, Ionad Sárchaighdeáin Foghlama agus Teagaisc, foireann Phas Scileanna na hOllscoile) a nascadh le chéile chun modúil agus cláir chuimsitheacha, atá dírithe ar an todhchaí, a mhúnlú i gcomhar lenár spriocanna straitéiseacha agus **inbhuanaitheachta**.

## CÉN CHAOI A BHFUIL AG ÉIRÍ LINN?

Beidh ár ndul chun cinn maidir lenár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach bunaithe ar mhéadrachtaí sna réimsí seo a leanas:

**Tionchar Taighde Shainiúil**

Méadú ar líon na bhfoilseachán in irisí móra, dea-cháil taighde feabhsaithe, ioncam taighde méadaithe, fás ar an bpobal taighdeoirí dochtúireachta agus béim ar an nuálaíocht.

**Oideachas**

Rochtain, rannpháirtíocht, rath agus gnóthachtáil na mac léinn, infhostaitheacht céimithe, méadú ar líon na modúl a bhfuil spriocanna forbartha inbhuanaitheachta leabaithe iontu, nuálaíocht i ndearadh agus i seachadadh clár, lena n-áirítear an clár claochlaithe fochéime, agus earcaíocht mac léinn ar ardchaighdeán.

**Eagraíocht Éifeachtach agus Inbhuanaithe atá ina hAcmhainn don Phobal**

Gradam cré-umha Athena Swan don choláiste, sástacht fheabhsaithe foirne, rannpháirtíocht na mac léinn agus oibríochtaí lárnacha a bhfuil tacaíocht iomlán acu ónár sruthanna ioncaim féin.

## CUR I bhFEIDHM AGUS RIALACHAS NA STRAITÉISE

- Ceannaireacht agus cuntasacht maidir le réimsí straitéiseacha a sheachadadh atá sainmhínithe go soiléir.
- Nuashonruithe faoi dhó sa bhliain ar dhul chun cinn chuig Coiste Feidhmiúcháin an Choláiste agus athbhreithniú foirmiúil lár téarma in 2028. Léireoidh tuarascálacha aon sárú ar spriocanna agus molfar réitigh nuálacha ar dhúshláin.
- Obair le tosú in 2029 ar Straitéis an Choláiste 2030–2034.



# Coláiste na nDán, na nEolaíochtaí Sóisialta agus an Léinn Cheiltigh

PLEAN STRAITÉISEACH 2026–30

Ollscoil
*na*Gaillimhe.ie